

Fillteán Foghlama don Tríú Bliain

Treoir don Mhac Léinn



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Fillteán Foghlama don Tríú Bliain

Clár

Treoir don Mhac Léinn	lch 3
Tasc 1: Plean oibre (1,000 – 1,500 focal)	lch 3
Tasc 2: Taifeadadh – earráidí sa chaint	lch 4
Tasc 3: Dréachtaí Scríbhneoireachta – earráidí sa scríbhneoireacht	lch 5
Tasc 4: Agallamh nó ceistneoir nó <i>vox pop</i>	lch 7
Tasc 5: Aiste léirmheastóireachta (1,000 – 1,500 focal)	lch 8
Tasc 6: Foinsí	lch 8
Tasc 7: Cur i láthair	lch 9
Tasc 8: Cuntas ar do chuid oibre (1,000 – 1,500 focal)	lch 9

Fillteán Foghlama don Tríú Bliain

Treoir don Mhac Léinn

Tá an fillteán foghlama don tríú bliain bunaithe ar shainábhar a roghnóidh tú féin agus beidh na tascanna a bheidh le comhlíonadh don fhilleán bunaithe ar an obair a bheidh á déanamh agat ar an sainábhar sin i rith na bliana acadúla. Ní píosa fada scríbhneoireachta ná mór-aiste a bheidh á chur ar fáil agat ach sraith tascanna praiticiúla bunaithe ar do chuid taighde. Tá sé mar aidhm ag na tascanna seo do chuid scileanna acadúla, foghlama agus teanga araon a fhorbairt.

Ní gá go mbeadh an sainábhar bainteach le do chúrsa Gaeilge – **is féidir aon ábhar a gcuireann tú féin spéis ann a roghnú**. Níor chóir an taighde a bhunú go díreach ar aon chúrsa atá á dhéanamh agat ach d'fhéadfadh sé a bheith bunaithe ar ábhar a thacódh le do chúrsa léinn trí chéile.

Treoirínte maidir le hábhar a roghnú:

- Bíodh an-spéis agat féin san ábhar!
- Ní gá go mbeadh an t-ábhar bainteach le do chúrsa Gaeilge – is féidir aon ábhar a gcuireann tú féin spéis ann a roghnú.
- Seachain ábhar atá róghinearálta. Bíodh ceist le réiteach nó léargas nua le tabhairt – mar shampla ‘téamaí a thagann chun cinn i gcláir do pháistí ar TG4’ seachas ‘TG4’ nó ‘an córas oideachais sa Fhrainc’ seachas ‘an Fhrainc’.
- Bíodh úire ag baint leis an iniúchadh a dhéanann tú ar an ábhar.

Beidh an sainábhar le plé agus le haontú leis an teagascóir.

Beidh aiseolas á fháil agat ón teagascóir *agus* ó mhic léinn eile faoi na tascanna a bheidh á ndéanamh agat. Roinnfidh an teagascóir an rang i ngrúpaí de cheathrar. Beidh tú féin agus na mic léinn eile i do ghrúpa ag cur tacaíochta agus aiseolais ar fáil dá chéile go leanúnach maidir le bhur gcuid oibre – is cuid thábhachtach de gach tasc an t-aiseolas seo ó do chomh-mhic léinn. Is leor aiseolas ó mhac léinn amháin eile do gach tasc ach is féidir aiseolas a fháil ó níos mó ná duine amháin más maith leat.

Tasc 1: Plean oibre (1,000 – 1,500 focal)

- (a) Beidh ort plean oibre cuimsitheach a leagan amach do do chuid taighde ar an sainábhar a roghnóidh tú. Bíodh cur síos sa phlean ar na nithe seo a leanas:
- Na cúiseanna ar roghnaigh tú an t-ábhar áirithe seo agus nithe ar leith atá suimiúil faoi.
 - Na haidhmeanna atá agat – cad atá á chur romhat agat i do chuid oibre.
 - An modh oibre atá beartaithe agat.
 - Na foinsí a mheasann tú a bheadh cabhrach, mar aon le cuntas ar conas a aimseoidh tú na foinsí sin (foinsí clóite, foinsí físe, foinsí ar an ngréasán srl.).
 - Cuntas ar agallaimh nó ar cheistneoirí a bheadh ort a dhéanamh chun do chuid aidhmeanna a chur i gcrích.

- (b) Beidh ort an plean a thaispeáint do bhall de do ghrúpa agus cuntas gearr a scríobh (i) ar an aiseolas a fhaigheann tú uaidh/uaithe; (ii) ar cé chomh fiúntach is a bhí an t-aiseolas sin duit.

Más maith leat, is féidir leat an anailís a dhéanann tú ar an aiseolas a fhaigheann tú a thairfeadh, in áit í a scríobh.

Tasc 2: Taifeadh – earráidí sa chaint

Tá sé i gceist go leanfaí sa tríú bliain leis an gceartú éifeachtach ar na hearráidí is minice a dhéanann tú sa chaint. Beidh na píosaí cainte a chuirfidh tú ar fáil don cheartú sa tríú bliain bunaithe ar do chuid taighde ar an sainábhar agus gheobhaidh tú aiseolas ó bhall de do ghrúpa *agus* ón teagascóir.

- (a) Beidh ort taifeadh 3 nóiméad faoin obair atá ar siúl agat maidir le do shainábhar a chur ar fáil ar a laghad dhá uair i rith na bliana acadúla. Éistfidh mac léinn i do ghrúpa *agus* an teagascóir leis na taifeadtaí agus gheobhaidh tú aiseolas uathu beirt faoi na hearráidí is minice a dhéanann tú.
- (b) Anuas ar an taifeadh agus ar an aiseolas, beidh ort cuntas a choinneáil ar na hearráidí a thabharfaidh do chomh-mhac léinn agus an teagascóir faoi deara i do chuid cainte. Scríobhfaidh tú cuntas ar na hearráidí sin *agus* ar an méid a d'fhoghlaim tú faoi na gnéithe den teanga a bhaineann leis na hearráidí sin.
- (c) Mar chuid den fhillteán foghlama a rinne tú sa chéad agus sa dara bliain bhí cuntas agus anailís ar na hearráidí is minice a bhí á ndéanamh agat an uair sin. Cuir na cuntais sin i gcomparáid leis na hearráidí atá á dtabhairt faoi deara i do chuid cainte anois – an bhfuil na hearráidí céanna á ndéanamh fós nó an bhfuil cinn nua i gceist? Déan liosta.

Céim 1	Taifeadh a dhéanamh.
Céim 2	Aiseolas a fháil ó mhac léinn i do ghrúpa.
Céim 3	Cuntas a choinneáil ar an aiseolas sin.
Céim 4	Aiseolas a fháil ón teagascóir.
Céim 5	Cuntas a choinneáil ar na hearráidí a thugann an teagascóir faoi deara.
Céim 6	Cuntas a scríobh ar an méid a d'fhoghlaim tú faoi na gnéithe den teanga a bhaineann leis na hearráidí a thug an teagascóir agus do chomh-mhac léinn faoi deara.
Céim 7	Comparáid idir na hearráidí sa chéad, sa dara agus sa tríú bliain.

Beidh na céimeanna 1-6 thuas le tógáil **dhá uair** i rith na bliana acadúla chun an tasc seo a chomhlíonadh. Déanfaidh tú Céim 7 uair amháin.

Seo topaicí a d'fhéadfá a úsáid mar phíosaí cainte:

- An plean atá agat don taighde.
- Na dúshláin agus na deacrachtaí atá agat i ndéanamh do chuid oibre.
- Cuntas ar agallamh a rinne tú mar chuid de do chuid oibre.
- An dul chun cinn atá déanta agat go dtí seo.
- An modh oibre atá agat.
- An rud is fearr a thaitníonn leat faoin obair.
- Aon rud ar leith atá tagtha chun cinn i do chuid oibre a mheasann tú a bheadh spéisiúil.

Déan iarracht i rith na bliana cuntas rialta a choimeád ar na hearráidí a dhéanann tú, níos mó eolais a fháil fúthu agus iarracht a dhéanamh iad a ghlanadh as do chuid scríbhneoireachta / as do chuid cainte. B'fhiú, mar shampla, cóipleabhar ar leith nó leabhar beag nótaí a bheith agat ina mbreacfaidh tú síos na hearráidí / na ceartúcháin.

Tasc 3: Dréachtaí Scríbhneoireachta – earráidí sa scríbhneoireacht

Tá sé i gceist go leanfaí sa tríú bliain leis an gceartú éifeachtach ar earráidí a dhéanann tú sa scríbhneoireacht. Beidh na dréachtaí scríbhneoireachta a chuirfidh tú ar fáil don cheartú sa tríú bliain bunaithe ar do chuid taighde ar an sainábhar agus gheobhaidh tú aiseolas ó bhall de do ghrúpa *agus* ón teagascóir.

- (a) Beidh ort dréacht scríbhneoireachta a chur ar fáil ar a laghad dhá uair i rith na bliana acadúla. Léifidh mac léinn i do ghrúpa *agus* an teagascóir na dréachtaí agus gheobhaidh tú aiseolas uathu beirt faoi na hearráidí is minice a dhéanann tú.
- (b) Anuas ar na dréachtaí scríbhneoireachta agus ar an aiseolas, beidh ort cuntas a choinneáil ar na hearráidí a thabharfaidh do chomh-mhac léinn agus an teagascóir faoi deara i do chuid scríbhneoireachta. Scríobhfaidh tú cuntas ar na hearráidí sin *agus* ar an méid a d'fhoghlaim tú faoi na gnéithe den teanga a bhaineann leis na hearráidí sin.
- (c) Mar chuid den fhillteán foghlama a rinne tú sa chéad agus sa dara bliain bhí cuntas agus anailís ar na hearráidí is minice a bhí á ndéanamh agat an uair sin. Cuir na cuntais sin i gcomparáid leis na hearráidí atá á dtabhairt faoi deara i do chuid scríbhneoireachta anois – an bhfuil na hearráidí céanna á ndéanamh fós nó an bhfuil cinn nua i gceist? Déan liosta.

Céim 1	Píosa a scríobh.
Céim 2	Aiseolas a fháil ó mhac léinn i do ghrúpa.
Céim 3	Cuntas a choinneáil ar an aiseolas sin.
Céim 4	Aiseolas a fháil ón teagascóir.
Céim 5	Cuntas a choinneáil ar na hearráidí a thugann an teagascóir faoi deara.
Céim 6	Cuntas a scríobh ar an méid a d'fhoghlaim tú faoi na gnéithe den teanga a bhaineann leis na hearráidí a thug an teagascóir agus do chomh-mhac léinn faoi deara.
Céim 7	Comparáid idir na hearráidí sa chéad, sa dara agus sa tríú bliain.

Beidh na céimeanna 1-6 thuas le tógáil **dhá uair** i rith na bliana acadúla chun an tasc seo a chomhlíonadh. Déanfaidh tú Céim 7 uair amháin.

Féadfar dhá rud as an liosta thíos a roghnú mar dhréacht scríbhneoireachta le cur ar fáil don cheartú:

- Tuairisc ar an dul chun cinn atá déanta agat go dtí seo (600 focal).
- Na sleamhnáin a bheidh á ndearadh agus á scríobh agat do do chur i láthair (féach tasc 7).
- Trascríobh ar phíosa cainte (3 nóiméad) as foinse fise nó fuaimne ar bhain tú úsáid aisti (beidh ort a chinntiú go bhfuil an taifeadadh ag teacht leis an bhfocal scríofa).
- Trascríobh ar phíosa cainte (3 nóiméad) as agallamh nó *vox pop* a rinne tú mar chuid de do thaighde (beidh ort a chinntiú go bhfuil an taifeadadh ag teacht leis an bhfocal scríofa).
- An téacs do cheistneoir a d'fhéadfadh a bheith á scaipeadh agat.
- Lig ort go mbronnann an Roinn duais bhreá ar mhac léinn sa tríú bliain as feabhas a chuid oibre. Caithfidh tú píosa scríbhneoireachta a chur ar fáil a rachadh i bhfeidhm ar an gCeann Roinne agus a d'áiteodh gur ortsa ba cheart an duais a bhronnadh as feabhas do chuid oibre ar do shainábhar.
- Lig ort gur tugadh cuireadh duit do chur i láthair a dhéanamh ag ócáid lasmuigh den choláiste. Caithfidh tú preasráiteas a scríobh don ócáid. Ar dtús roghnaigh meán ar leith ina bhfoilseofar an preasráiteas agus pobal ar leith ar a mbeidh an preasráiteas dírithe. Ansin cuir do phreasráiteas in oiriúint don mheán áirithe agus don phobal áirithe sin – bí cinnte go mbeidh cur síos beacht ann ar do thaighde agus ar d'ábhar cainte.

Déan iarracht i rith na bliana cuntas rialta a choimeád ar na hearráidí a dhéanann tú, níos mó eolais a fháil fúthu agus iarracht a dhéanamh iad a ghlanadh as do chuid scríbhneoireachta / as do chuid cainte. B'fhiú, mar shampla, cóipleabhar ar leith nó leabhar beag nótaí a bheith agat ina mbreacfaidh tú síos na hearráidí / na ceartúcháin.

Tasc 4: Agallamh nó ceistneoir nó *vox pop*

Beidh rogha agat idir agallamh, ceistneoir nó *vox pop* don tasc seo – cibé ceann is fearr a d’oirfeadh do do chuid taighde.

Agallamh

Agallamh i nGaeilge a bheidh anseo, le duine a chuirfeadh le do chuid tuiscintí ar an sainábhar a roghnaigh tú.

- (a) Sa tasc seo cuirfidh tú ar fáil:
- Na ceisteanna a réitigh tú don duine.
 - Cuntas ar cén fáth ar roghnaigh tú agallamh seachas ceistneoir nó *vox pop* chun cur le do thuiscint ar d’ábhar.
 - Cuntas ar cé chomh húsáideach / luachmhar is a bhí an t-agallamh duit.
 - Trascríobh ar 3 nóiméad den chaint.
 - Taifeadadh den agallamh.
- (b) Gheobhaidh tú aiseolas faoi ghné éigin de do chuid oibre ar an tasc seo ó mhac léinn eile i do ghrúpa agus scríobhfaidh tú cuntas gearr (i) ar an aiseolas a fhaigheann tú uaidh / uaithi; (ii) ar cé chomh fiúntach is a bhí an t-aiseolas sin duit.

Más maith leat, is féidir leat an anailís a dhéanann tú ar an aiseolas a fhaigheann tú a thaifeadadh, in áit í a scríobh.

Ceistneoir

Déanfaidh tú ceistneoir cuimsitheach a dhearadh a bheadh oiriúnach do do chuid taighde agus a chuirfeadh le do chuid tuiscintí ar an sainábhar a roghnaigh tú.

- (a) Sa tasc seo cuirfidh tú ar fáil:
- An ceistneoir féin: cumfaidh tú ceisteanna oiriúnacha, déanfaidh tú an ceistneoir a dhearadh, roghnóidh tú pobal oiriúnach agus baileoidh tú an fhaisnéis.
 - Cur síos ar an bhfaisnéis a bailíodh sa cheistneoir.
 - Cuntas ar cén fáth ar roghnaigh tú ceistneoir seachas agallamh nó *vox pop* chun cur le do thuiscint ar d’ábhar.
 - Cuntas ar cé chomh húsáideach / luachmhar is a bhí an ceistneoir duit.
- (b) Gheobhaidh tú aiseolas faoi ghné éigin de do chuid oibre ar an tasc seo ó mhac léinn eile i do ghrúpa agus scríobhfaidh tú cuntas gearr (i) ar an aiseolas a fhaigheann tú uaidh / uaithi; (ii) ar cé chomh fiúntach is a bhí an t-aiseolas sin duit.

Más maith leat, is féidir leat an anailís a dhéanann tú ar an aiseolas a fhaigheann tú a thaifeadadh, in áit í a scríobh.

Vox pop

Eagróidh tú *vox pop* a bheadh oiriúnach do do chuid taighde agus a chuirfeadh le do chuid tuiscintí ar an sainábhar a roghnaigh tú.

- (a) Sa tasc seo cuirfidh tú ar fáil:
- An taifeadadh den *vox pop* féin.
 - Na ceisteanna a réitigh tú le cur ar na daoine a ghlac páirt sa *vox pop*.
 - Cuntas ar cén fáth ar roghnaigh tú *vox pop* seachas ceistneoir nó agallamh chun cur le do thuiscint ar d'ábhar.
 - Trascríobh ar 3 nóiméad den chaint.
 - Cuntas ar cé chomh húsáideach / luachmhar is a bhí an *vox pop* duit.
- (b) Gheobhaidh tú aiseolas faoi ghné éigin de do chuid oibre ar an tasc seo ó mhac léinn eile i do ghrúpa agus scríobhfaidh tú cuntas gearr (i) ar an aiseolas a fhaigheann tú uaidh / uaithi; (ii) ar cé chomh fiúntach is a bhí an t-aiseolas sin duit.

Más maith leat, is féidir leat an anailís a dhéanann tú ar an aiseolas a fhaigheann tú a thaifeadadh, in áit í a scríobh.

Tasc 5: Aiste léirmheastóireachta (1,000 – 1,500 focal)

- (a) Scríobhfaidh tú aiste léirmheastóireachta ar an dá phríomhfhoinsé ar bhain tú úsáid astu.
- Sa léirmheas seo déanfaidh tú comparáid idir an dá fhoinsé agus cur síos ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá eatarthu.
 - Déanfaidh tú cur síos ar an úsáid a bhain tú as na foinsí agus ar cé chomh cabhrach is a bhí siad don obair atá idir lámha agat.
 - Bí cinnte go dtugann tú aird ar an mbealach cuí le déileáil le hathfhriotal agus tagairtí.
- (b) Iarr ar mhac léinn eile i do ghrúpa d'aiste a léamh agus aiseolas a chur ar fáil duit. Scríobh tuairisc ghearr ar an úsáid a bhain tú as an aiseolas sin. Féadfaidh tú an tuairisc ar an aiseolas a nascadh leis an aiste léirmheastóireachta más maith leat.

Tasc 6: Foinsí

- (a) Cuirfidh tú leabharliosta cuimsitheach le chéile ina mbeidh liosta de na foinsí ar fad a cheadaigh tú le linn do chuid oibre. Tá sé tábhachtach go mbeadh an leabharliosta beacht cruinn ó thaobh na gcoinbhinsiún a mholtar i d'institiúid.

Tabhair aird ar leith ar chló iodálach agus trom, poncaíocht agus dátaí na bhfoilseachán.

- (b) Chomh maith leis an liosta féin, scríobh achoimre ar ábhar ceithre cinn de na foinsí.
- (c) Iarr ar mhac léinn eile i do ghrúpa do liosta foinsí a léamh agus aiseolas a chur ar fáil duit. Scríobh tuairisc ghearr ar an úsáid a bhain tú as an aiseolas sin.

Tasc 7: Cur i láthair

- (a) Ullmhóidh tú cur i láthair 5-8 nóiméad faoi do chuid oibre ar an sainábhar a roghnaigh tú. D'fhéadfaí go mbeadh an cur i láthair seo le déanamh ag an scrúdú cainte, ag seimineár d'obair mhic léinn na tríú bliana nó i rang teagaisc eile, ag brath ar an institiúid.
 - Chun an cur i láthair a ullmhú beidh sleamhnáin le dearadh agus beidh leideanna cainte / nótaí le hullmhú agat.
 - Sa chur i láthair míneoidh tú don lucht éisteachta cén fáth ar roghnaigh tú an t-ábhar áirithe seo, cén próiseas a bhí i gceist le do chuid oibre agus cad iad na nithe spéisiúla a bhain le do chuid oibre.
 - Bí cinnte go mbeidh intreoir agus coimriú cuí agat agus go mbeidh ord agus eagar ar do chuid smaointe.
- (b) Bí cinnte go ndéanann tú an cur i láthair a chleachtadh le do chomh-mhic léinn agus scríobh cuntas gearr ar fhiúntas an aiseolais a fuair tú uathu.

Tasc 8: Cuntas ar do chuid oibre (1,000 – 1,500 focal)

- (a) Is éard atá sa tasc seo ná forbairt ar an gcur i láthair a rinne tú (tasc 7).
 - Tabhair achoimre shoiléir ar do chuid taighde – léirigh cad atá i gceist leis an ábhar agus sonraigh na pointí eolais.
 - Déan cur síos ar an modh oibre a bhí agat.
 - Déan tagairt do na príomhfoinsí.
 - Tabhair cuntas ar an méid a d'fhoghlaim tú i ndéanamh na hoibre agus ar cad iad na rudaí a dhéanfá ar bhealach difriúil dá mbeifeá ag tabhairt faoi arís.
- (b) Iarr ar mhac léinn eile i do ghrúpa do chuntas a léamh agus aiseolas a chur ar fáil duit. Scríobh tuairisc ghearr ar an úsáid a bhain tú as an aiseolas sin. Más maith leat, is féidir leat an tuairisc seo a thairfeadh, in áit í a scríobh.